CINNEADH (CBES) 2022/1964 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Deireadh Fómhair 2022

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1515 lena mbunaítear Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1), 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1515 ([1]).

(2) Ba cheart méid nua tagartha airgeadais a bhunú don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2020/1515 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16(2) de Chinneadh (CBES) 2020/1515

"2. Is é EUR 2 417 423,89 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun caiteachas ESDC a chumhdach ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

Is í an Chomhairle a chinnfidh an méid tagartha airgeadais chun caiteachas ESDC a chumhdach maidir le tréimhsí ina dhiaidh sin."

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 17 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

([1]) Cinneadh (CBES) 2020/1515 ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2020 lena mbunaítear Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2016/2382 (IO L 348, 20.10.2020, lch. 1).